Sharon Shannon agus Ceol Binn na Nollag ag Otharlann Naomh Breandáin

Bhí searmanas speisialta ag otharlann Naomh Breandáin i mBaile Locha Riach le déanaí nuair a bhí na soilse le lasadh ar an chrann Nollag.

Bhí trí scoil páirteach sa searmanas seo: Scoil Náisiúnta Naomh Breandáin, Scoil Náisiúnta Naomh Íde agus Gaelscoil Riabhach. Bhí buachaill amháin a chan amhráin ina aonar fiú – Paul Treacy

Tháinig na páistí uilig ar cuairt chuig an otharlann le ceiliúradh agus comóradh a dhéanamh ar na glúnta a chuaigh rompu. Beannaíodh an crann Nollag agus na soilse féin agus cuimhníodh ar na daoine a fuair bás a chaith tréimhse ag obair nó mar áititheoir san otharlann.

Bhí aoíonna speisialta i láthair chomh maith a bhí an-sásta páirt a ghlacadh in imeachtaí an lae. Ba mhór an ónóir do na seandaoine nuair a las Sharon Shannon na soilse ar an chrann Nollag i gcuideachta Eileen Forde (an cónaitheoir a bhfuil an tréimhse is faide caite san otharlann). Caithfidh a rá gur tógadh croíthe gach uile duine nuair a thosaigh seisiún breá le Sharon Shannon, Breandán Ó Ríordáin agus Mary Staunton.

Bhí smailceanna na Nollag is deochanna do dhaoine bheaga is móra ar fáil. Cinnte, bhí spion bhreá ar gach uile duine agus is dócha go mothaíonn siad go bhfuil siad anois réidh do Lá Nollag féin.

Sharon Shannon highlights St. Brendan's

St. Brendan's Nursing Home held a special Christmas ceremony recently to mark the occasion of lighting the lights on their Christmas tree.

Three local schools took part in this ceremony: St. Brendan's Boys National School, St. Ita's Girls National School and Gaelscoil Riabhach. Paul Treacy from St. Brigid's Vocational School sang soprano solo.

The pupils came together as part of the community's celebration and commemoration of the generations that had gone before. The tree and it's lights were blessed in memory of those that had spent time or worked in St. Brendan's Home and had now passed on.

There were special guests present who were very happy to take part in the day's events. It was a great honour to see Sharon Shannon invited to turn on the Christmas lights with the help of Eileen Forde (the hospital's longest resident). Everyone's hearts were lifted to hear Sharon Shannon, Breandán Ó Ríordáin and Mary Staunton start into a bit of a session.

Christmas treats and drinks were provided for young and old. Of course, everyone was in fine form and it seems the hospital community is now prepared for Christmas day itself.

Cuid de na páistí ó Ghaelscoil Riabhach ag glacadh páirte i searmanas na Nollag ag Otharlann Naomh Breandán i mBaile Locha Riach le deireannas.

Na ceoltóirí Breandán Ó Ríordáin, Sharon Shannon agus Mary Staunton ag bualadh ceoil i gcuideachta dhaltaí scoile ó Scoil Náisiúnta Naomh Breandáin, Scoil Náisiúnta Naomh Íde agus Gaelscoil Riabhach

Breandán Ó Ríordáin agus Sharon Shannon ag bualadh ceoil i gcuideachta dhaltaí scoile ó Scoil Náisiúnta Naomh Breandáin, Scoil Náisiúnta Naomh Íde agus Gaelscoil Riabhach